Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2022**
**(OR. en)**

**6883/22**

**CSDP/PSDC 112**
**CFSP/PESC 312**
**EUMC 74**
**MAMA 35**
**RELEX 293**
**CONUN 44**
**CSC 84**
**EUNAVFOR MED 5**
**PSC DEC 5**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le húdarú oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir a athdhearbhú (EUNAVFOR MED IRINI) (EUNAVFOR MED IRINI/1/2022) |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le húdarú**
**oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh**
**sa Mheánmhuir a athdhearbhú (EUNAVFOR MED IRINI)**
**(EUNAVFOR MED IRINI/1/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)[1], agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

---

[1] IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) don tréimhse go dtí an 31 Márta 2021.

(2) Foráiltear le hAirteagal 8(3) de Chinneadh (CBES) 2020/472 go ndéanfar, d'ainneoin na tréimhse sin, údarú na hoibríochta a athdhearbhú gach 4 mhí agus go ndéanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an oibríocht a fhadú mura mbeidh éifeacht tarraingthe ag imscaradh shócmhainní muirí na hoibríochta ar imirce ar bhonn fianaise chuí-réasúnaithe arna bailiú de réir na gcritéar atá leagtha amach sa Phlean Oibríochta.

(3) An 26 Márta 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/542[1], lenar cuireadh síneadh leis an oibríocht go dtí an 31 Márta 2023, faoi réir an nós imeachta athdhearbhúcháin chéanna.

(4) Chuir an Ceannasaí Oibríochta tuarascálacha míosúla ar fáil maidir le tosca tarraingthe.

(5) Ba cheart údarú na hoibríochta a athdhearbhú don seachtú fothréimhse 4 mhí dá sainordú agus ba cheart an oibríocht a fhadú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2021/542 ón gComhairle an 26 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 108, 29.3.2021, lch. 57).

*Airteagal 1*

Athdhearbhaítear leis seo údarú EUNAVFOR MED IRINI agus déantar an oibríocht a fhadú ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Iúil 2022.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*